Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Nollaig 2020
(OR. en)

14336/1/20
REV 1

UK 136

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0382(NLE)**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 856 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 856 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2020) 856 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.12.2020
COM(2020) 856 final/2

2020/0382 (NLE)

COM(2020) 856 final of 25.12.2020 downgraded on 26.12.2020.

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

An 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Chomhairle Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Ar an 30 Eanáir 2020, tar éis thoiliú Pharlaimint na hEorpa, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/135 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar")[1]. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020 agus déantar foráil ann maidir le hidirthréimhse ar lena linn a mbeidh feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an gcomhaontú sin. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin an 31 Nollaig 2020.

Ina treoirlínte an 23 Márta 2018, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach cinneadh an Aontais go mbeadh comhpháirtíocht chomh dlúth agus ab fhéidir aige leis an Ríocht Aontaithe sa todhchaí. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, ba cheart go gcuimseodh comhpháirtíocht dá leithéid sin comhar trádála agus eacnamaíoch mar aon le réimsí eile, go háirithe an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta idirnáisiúnta, chomh maith leis an tslándáil, an chosaint agus an beartas eachtrach. Shocraigh an Chomhairle Eorpach na treoirlínte sin ag féachaint don tuiscint fhoriomlán ar an gcreat don chaidreamh sa todhchaí a mhionléirítear i ndearbhú polaitiúil a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus dá dtagraítear ann.

Leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa dearbhú polaitiúil a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar[2] ('Dearbhú Polaitiúil'). Bunaítear leis na paraiméadair de "comhpháirtíocht uaillmhianach, leathan, dhomhain agus sholúbtha ar fud na trádála agus an chomhair eacnamaíoch lena mbaineann Comhaontú Saorthrádála cuimsitheach agus cothrom mar chroílár ann, forfheidhmiú an dlí agus ceartas coiriúil, an beartas eachtrach, an tslándáil agus an chosaint agus réimsí níos leithne comhair."

Foráiltear le hAirteagal 184 den Chomhaontú um Tharraingt Siar go ndéanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a ndícheall, de mheon macánta agus lánurraim á tabhairt do dhlíchórais a chéile, na bearta is gá a dhéanamh chun caibidlíocht a dhéanamh go gasta ar na comhaontuithe lena rialófar an caidreamh a bheidh eatarthu sa todhchaí dá dtagraítear sa Dearbhú

1 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Téacs atá ábhartha do LEE) (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

2 Dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire (IO C 34, 31.1.2020, lch. 1).

Polaitiúil agus chun na nósanna imeachta ábhartha a chur i gcrích chun na comhaontuithe sin a dhaingniú nó a thabhairt chun críche, d'fhonn a áirithiú go mbeidh feidhm ag na comhaontuithe sin, a mhéid is féidir, ó dheireadh na hidirthréimhse.

An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266[3] lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta. Ceapadh an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais. Áiríodh freisin sa Chinneadh ón gComhairle aguisín leis na treoracha maidir le comhpháirtíocht nua a chaibidil le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("treoracha caibidlíochta").

An 24 Nollaig 2020, tugadh an chaibidlíocht chun críche agus chomhaontaigh na Páirtithe ar leibhéal na bPríomh-Idirbheartaithe maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus leis an gComhaontú maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint (an 'Comhaontú um Shlándáil Faisnéise').

Is comhaontú forlíontach é an Comhaontú um Shlándáil Faisnéise a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus, i gcomhréir le hAirteagal COMPROV.2 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is cuid lárnach é den chaidreamh déthaobhach foriomlán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe arna rialú ag an gComhaontú Trádála agus Comhair agus is cuid den chreat foriomlán é. Tá an Comhaontú um Shlándáil Faisnéise nasctha leis an gComhaontú Trádála agus Comhair faoin dáta céanna teacht i bhfeidhm agus an fhoráil chéanna maidir le foirceannadh.

I gcomhthráth leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus leis an gComhaontú um Shlándáil Faisnéise, tá an Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir leis an gComhar i ndáil le hÚsáid Shábháilte agus Shíochánta an Fhuinnimh Núicléach comhaontaithe ag an gCoimisiún. Cuirtear isteach an Moladh le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le formheas an chomhaontaithe sin in éineacht leis an togra seo faoi nós imeachta ar leith. De bhreis ar thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir leis an gComhar i ndáil le hÚsáid Shábháilte agus Shíochánta an Fhuinnimh Núicléach, cumhdaítear leis an nós imeachta sin freisin tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (go háirithe rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe mar thríú tír i gClár Taighde Euratom agus i ngníomhaíochtaí comhleá na hEorpa, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ITER, trína ballraíocht, mar thríú tír, sa Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt – Fuinneamh Comhleá).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

[3] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta (IO L 58, 27.2.2020, lch. 53).

Iarradh i dtreoirlínte ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2018 agus sa Dearbhú Polaitiúil araon go mbeadh dlúthchomhpháirtíocht ann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

Sula ndearnadh an Comhaontú Trádála agus Comhair agus an Comhaontú um Shlándáil Faisnéise a chaibidliú, tugadh i gcrích an Comhaontú um Tharraingt Siar, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, déantar foráil maidir le hidirthréimhse ar lena linn a mbeidh feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an gcomhaontú sin. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Is é is aidhm don Chomhaontú Trádála agus Comhair agus don Chomhaontú um Shlándáil Faisnéise an caidreamh nua idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a rialáil agus, dá bhrí sin, cosc a chur ar shuaitheadh suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar shlí eile sa chaidreamh sin tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, leagtar síos bonn daingean le comhpháirtíocht chothrom chomhthairbheach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a bheidh chun tairbhe agus cothrom an dá thaobh. Léirítear ann freisin nach bhfuil na cearta céanna ag an Ríocht Aontaithe, toisc nach ballstát den Aontas í agus nach mbaineann sí leas as na tairbhí céanna agus atá ag ballstát.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus leis an gComhaontú um Shlándáil Faisnéise, urramaítear na Conarthaí go hiomlán agus caomhnaítear sláine agus uathriail dhlíchóras an Aontais. Ní chuirfidh na comhaontuithe sin ceangal ar an Aontas a chuid rialacha, rialachán ná caighdeán a leasú in aon réimse rialáilte. Cuireann siad luachanna, cuspóirí, agus leasanna an Aontais chun cinn, agus áirithíonn siad comhsheasmhacht, éifeachtach agus leanúnachas a bheartas agus a ghníomhaíochtaí.

Beidh ar gach allmhairiú ón Ríocht Aontaithe rialacha agus rialacháin an Aontais a chomhlíonadh (e.g. rialacha teicniúla agus caighdeáin táirgí, rialacha sláintíochta nó fíteashláintíochta, rialacháin maidir le bia agus sábháilteacht, caighdeáin sláinte agus sábháilteachta, cosaint an chomhshaoil, cosaint tomhaltóirí).

Áirítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair teidil shonracha maidir le Trádáil agus caighdeáin chothroma iomaíochta i réimsí an tsaothair, an chomhshaoil, an chomhraic i gcoinne an athraithe aeráide agus na forbartha inbhuanaithe, lena nasctar an chuid eacnamaíoch den Chomhaontú Trádála agus Comhair le cuspóirí foriomlána an Aontais i bhforbairt inbhuanaithe agus cuspóirí sonracha i réimse an tsaothair, an chomhshaoil agus an athraithe aeráide.

Le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir an Aontais, tabharfar lánurraim do na bunghníomhartha lena sainmhínítear na cláir agus na rialacháin Aontais atá ann cheana a bhaineann le bainistíocht airgeadais amhail an Rialachán Airgeadais.

## 2. BUNÚS DLÍ

Is é Airteagal 217 CFAE an bunús dlí substainteach don Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le conclúid. Is é an bunús dlí sin an bunús dlí is iomchuí i bhfianaise raon feidhme leathan na comhpháirtíochta atá beartaithe.

Is iad Airteagal 218(6) CFAE, Airteagal 218(7) CFAE agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE an bunús dlí nós imeachta. Foráiltear le hAirteagal 218(6) CFAE do chonclúid de bhun cinneadh ón gComhairle, tar éis do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt. Foráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE do vótáil aontoilíochta sa Chomhairle. Ina theannta sin, cuireadh Airteagal 218(7) CFAE isteach mar bhunús dlí toisc gurb iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú le formheas a dhéanamh ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair thar ceann an Aontais atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(6) CFAE, Airteagal 218(7) CFAE agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, an bunús dlí don Chinneadh atá beartaithe ón gComhairle.

## 3. EILIMINTÍ EILE

- **Cur chun feidhme ag comhlachtaí arna mbunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair**

  Le Teideal III de Chuid a hAon den Chomhaontú Trádála agus Comhair bunaítear Comhairle Comhpháirtíochta a dhéanfaidh maoirseacht ar bhaint amach chuspóirí an chomhaontaithe sin agus aon chomhaontaithe fhorlíontaigh. Tá an Chomhairle Comhpháirtíochta comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe ar leibhéal aireachta a thiocfaidh le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus a dhéanfaidh cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus aon chomhaontaithe fhorlíontaigh, amhail an Comhaontú um Shlándáil Faisnéise, a mhaoirsiú agus a éascú.

  Féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta cinntí a ghlacadh i leith na n-ábhar go léir dá bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair nó in aon chomhaontú forlíontach. Ní féidir leis an gComhairle Comhpháirtíochta a cinntí a dhéanamh ach amháin agus moltaí a dhéanamh trí chomhaontú frithpháirteach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Ní féidir leis srian a chur ar aon slí ar chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais. Ní fhéadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a chinneadh, trí bhíthin na Comhairle Comhpháirtíochta nó na gCoistí Speisialaithe, gnéithe áirithe den Chomhaontú Trádála agus Comhair nó d'aon chomhaontú forlíontach a leasú, ach amháin sna cásanna sin dá bhforáiltear go sonrach iontu. Nuair a fhormheasann na Páirtithe cinneadh dá leithéid, ní mór dó a bheith faoi réir ag a gceanglais agus ag a nósanna imeachta inmheánacha is infheidhme faoi seach.

  Agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, beidh an Coiste Comhpháirtíochta de chúnamh ag an gComhairle Comhpháirtíochta, agus cuideoidh Coistí Speisialaithe Trádála, agus Coistí Speisialaithe eile dá réir.

  Bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair na Coistí Speisialaithe Trádála seo a leanas:

(a) An Coiste Speisialaithe Trádála ar Earraí;

(b) An Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Custaim agus um Rialacha Tionscnaimh;

(c) An Coiste Speisialaithe Trádála um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta;

(d) An Coiste Speisialaithe Trádála um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil;

(e) An Coiste Speisialaithe Trádála um Sheirbhísí, Infheistíocht agus Trádáil Dhigiteach;

(f) An Coiste Speisialaithe Trádála um Maoin Intleachtúil;

(g) An Coiste Speisialaithe Trádála um Sholáthar Poiblí;

(h) An Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Rialála;

(i) An Coiste Speisialaithe Trádála ar réimse na himeartha ar leibhéal ar mhaithe le hiomaíocht atá oscailte agus cothrom agus forbairt inbhuanaithe;

(j) An Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin maidir le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil.

Bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair na Coistí Speisialaithe seo a leanas:

(a) An Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh;

(b) An Coiste Speisialaithe um Aeriompar;

(c) An Coiste Speisialaithe um Shábháilteacht Eitlíochta;

(d) An Coiste Speisialaithe um Iompar ar Bhóithre;

(e) An Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta;

(f) An Coiste Speisialaithe um Iascach;

(g) An Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach;

(h) An Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais.

Féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta Coistí Speisialaithe Trádála a bhunú nó a dhíscaoileadh agus féadfaidh an Coiste Comhpháirtíochta Trádála Coistí Speisialaithe Trádála a bhunú nó a dhíscaoileadh.

Foráiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair freisin do ról don Chomhairle Comhpháirtíochta agus do Choistí Speisialaithe i réiteach díospóide, a dtugtar aghaidh air i dTeideal I de Chuid a Sé den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

- **An Comhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm san Aontas**

  I gcomhréir le hAirteagal 216(2) CFAE, tá comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit.

  Is iomchuí an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, formheas a dhéanamh ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair thar ceann an Aontais atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag

comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Baineann modhnuithe den sórt sin leis na forálacha seo a leanas den Chomhaontú Trádála agus Comhair:

– míreanna 4, 5 agus 8 d’Airteagal TBT.9 [Comhar maidir le faireachas margaidh agus le sábháilteacht agus comhlíonadh i ndáil le táirgí neamhbhia], a mhéid a bhaineann le bunú na socruithe, nó le leasú a dhéanamh ar na socruithe, le haghaidh an mhalartaithe rialta faisnéise idir na Páirtithe a leagtar amach in Iarscríbhinní [BTT-XX] agus [BTT-ZZ];
– mír 3 d’Airteagal 2 [Sainmhínithe ar tháirgí, cleachtais fhíoneolaíocha agus próisis fhíoneolaíocha] agus mír 3 d’Airteagal 3 [Ceanglais deimhniúcháin maidir le hallmhairiú i gcríocha na bPáirtithe féin ] d'Iarscríbhinn TBT-5 [Trádáil i bhFíon], maidir le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin;
– mír 2 d’Airteagal 1 [Cuspóir agus raon feidhme] d’Iarscríbhinn TBT-4 [Táirgí Orgánacha ], maidir le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin;
– Airteagal 11 [Leasuithe ar fhoscríbhinní] d'Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí Íocshláinte], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin;
– Airteagal PPROC.18 [Leasú ar Roinn B d'IARSCRÍBHINN.PROC-1], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Roinn B d’Iarscríbhinn PPROC-1 maidir le gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh;
– Airteagal AVSAF.12 [Iarscríbhinní a ghabhann leis an gCaibidil seo a ghlacadh agus a leasú] a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn AVSAF-1 nó ar iarscríbhinní faoi mar a fhoráiltear i mír 2 d'Airteagal AVSAF.3 [Raon feidhme agus cur chun feidhme];
– mír 3 d’Airteagal LAW.EUROPOL.48 [Foirmeacha coireachta] a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn LAW-3, i gcás ina n-athrófar liosta na bhfoirmeacha coireachta a bhfuil Europol inniúil ina leith faoi dhlí an Aontais;
– mír 3 d’Airteagal LAW.EUROJUST.63 [Foirmeacha coireachta] a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn LAW-4, i gcás ina n-athrófar liosta na bhfoirmeacha coireachta a bhfuil Eurojust inniúil ina leith faoi dhlí an Aontais;
– Airteagal SSC.68 [Leasuithe] den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a mhéid a bhaineann le leasuithe ar aon cheann de na hiarscríbhinní nó na foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta.

Ba cheart don Choimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas roimh ré faoi na modhnuithe atá beartaithe thuas. Féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne na modhnuithe sin atá beartaithe trí mhionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) CAE. Sa chás sin, ní mór don Choimisiún na modhnuithe atá beartaithe a dhiúltú thar ceann an Aontais, gan dochar don fhéidearthacht togra a chur faoi bhráid na Comhairle ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

Ba cheart an Coimisiún a údarú freisin, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, leis an seasamh a bheidh le glacadh maidir leis na modhnuithe seo a leanas ar an gComhaontú Trádála agus Comhair a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir an Chomhairle a chur ar an eolas faoi roimh ré:

– an leasú ar an tairseach nach bhfuil feidhm ag Caibidil a Trí maidir le rialú fóirdheontais de Theideal XI de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair fúithi mar atá leagtha amach i mír 4 d'Airteagal LPFOFCSD.3.2 [Raon feidhme agus eisceachtaí] agus mír 3 d'Airteagal LPFOFCSD.3.3 [Seirbhísí leasa eacnamaíoch phoiblí] agus maidir leis an tairseach nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta fúithi mar atá leagtha amach i mír 2 d'Airteagal LPFOFCSD.3.3 [Seirbhísí leasa eacnamaíoch phoiblí].

Thairis sin, chun go mbeidh an tAontas in ann freagairt go tráthúil i gcás nach mbeidh coinníollacha ábhartha á gcomhlíonadh a thuilleadh, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún cinntí áirithe a ghlacadh lena bhfionrófar sochair a deonaíodh don Ríocht Aontaithe faoin Iarscríbhinn maidir le Táirgí Orgánacha agus faoin Iarscríbhinn maidir le Táirgí Íocshláinte. Sula ndéanfaidh sé sin, ba cheart don Choimisiún ionadaithe na mBallstát a chur ar an eolas, agus féadfaidh siadsan agóid a dhéanamh trí mhionlach blocála in aghaidh an tseasaimh a chuir an Coimisiún faoina mbráid. Ina theannta sin, socruithe cur chun feidhme ar bith eile is gá chun na hIarscríbhinní sin a fheidhmiú go héifeachtach, is ceart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún iad sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.

Thairis sin, chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a ráthú, tá sásraí forfheidhmithe láidre ann. Foráiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go bhféadfaidh na Páirtithe bearta tapa, uathrialacha agus oibríochtúla a dhéanamh chun a leasanna a chosaint, lena n-áirítear go háirithe i réimse an chothroim iomaíochta (i.e. bearta athchothromúcháin, bearta leighis) agus sa réimse iascach (i.e. bearta cúitimh, bearta leighis), agus chomh maith leis sin, ar bhonn níos ginearálta, i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál earnálach nó réigiúnach.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an tAontas lánabálta na bearta forfheidhmiúcháin sin a úsáid go pras agus go héifeachtach. Chun na críche sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún oibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal GOODS.19 maidir le bearta i gcás sáruithe ar an reachtaíocht chustaim nó dul timpeall uirthi, Airteagal LPFOFCSD.3.12 maidir le bearta leighis i réimse an chothroim iomaíochta, Airteagal ROAD.11 maidir le bearta leighis i réimse an iompair de bhóthar, Airteagal AIRTRN.8 maidir le húdarú oibríochta i réimse an aeriompair a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, Airteagal FISH.13 maidir le bearta leighis sa réimse iascaigh, Airteagal FISH.9 maidir le bearta cúiteach i gcás rochtain a tharraingt siar nó a laghdú, Airteagail UNPRO.3.1 agus UNPRO.3.20maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gclár an Aontais a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh agus Airteagal INST.24 maidir le leigheasanna sealadacha nó chun bearta coimirce iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal INST.36.

I gcomhréir leis na Conarthaí, gníomhóidh an Coimisiún thar ceann an Aontais maidir le gach céim den nós imeachta i ndáil le díospóidí a réiteach faoi Theideal I de Chuid a Sé den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha na ndréacht-Chomhaontuithe**

  Léirítear conclúidí agus treoirlínte na Comhairle Eorpaí an 23 Márta 2018 sa chomhar leathan uaillmhianach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a bheartaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus cuireann sé leis an Dearbhú Polaitiúil.

  Is pacáiste aonair é an Comhaontú Trádála agus Comhair ina bhfuil ceithre phríomh-chomhpháirt:

  – socruithe ginearálta agus institiúideacha;

  – socruithe eacnamaíocha (lena n-áirítear forálacha maidir le trádáil agus ráthaíochtaí maidir le cothrom iomaíochta);

  – socruithe maidir le forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla; agus

  – forálacha maidir le réiteach díospóidí, bunluachanna agus bearta coimirce.

  Tá an chomhpháirtíocht atá beartaithe bunaithe ar aitheantas a thabhairt don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta an duine, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus cur i gcoinne leathadh na n-arm ollscriosta. Más rud é go ndéantar sárú ar aon cheann de na gnéithe riachtanacha sin, ceadaítear do na Páirtithe oibriú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair nó aon chomhaontaithe fhorlíontaigh a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí go hiomlán nó i bpáirt. Dearbhaíonn na Páirtithe freisin a dtiomantas ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a áirithiú.

  Tá raon feidhme cuimsitheach ag an gComhaontú Trádála agus Comhair. Áirítear ann na réimsí spéise a leagtar amach sa Dearbhú Polaitiúil: comhar trádála agus eacnamaíoch, forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus réimsí téamacha comhair. Ní áirítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair socruithe le haghaidh comhar i réimse an bheartais eachtraigh, i réimse na slándála seachtraí agus i réimse na cosanta, ós rud é gurb é seasamh na Ríochta Aontaithe gan caibidlíocht a dhéanamh agus gan na socruithe sin a áireamh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, tugtar urraim do neamhspleáchas cinnteoireachta agus dhlíchóras an Aontais, sláine a Mhargaidh Aonair agus an Aontais Custaim agus dodhealaitheacht na gceithre shaoirse gluaiseachta (daoine, earraí, seirbhísí agus caipiteal). Ní hamháin go gcumhdaíonn sé saorthrádáil in earraí agus i seirbhísí ach cumhdaítear leis freisin bealaí chun saobhadh agus buntáistí iomaíocha éagóracha a chosc. Léirítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go bhfuil an Ríocht Aontaithe ag fágáil chóras comhrialacha, sásraí maoirseachta agus sásraí forfheidhmiúcháin an Aontais agus, dá bhrí sin, ní féidir leis an Ríocht Aontaithe leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le bheith ina ballstát ná leis an Margadh Aonair.

Bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair creat rialachais foriomlán a chumhdaíonn gach réimse comhair faoin gComhaontú Trádála agus Comhair agus faoi chomhaontú forlíontach ar bith, amhail an Comhaontú um Shlándáil Faisnéise, agus áirítear oiriúnuithe áirithe chun freagairt do riachtanais earnálacha a bhfuil bonn cirt leo.

Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a ráthú, tá sásraí forfheidhmithe láidre ann. Foráiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go bhféadfaidh na Páirtithe bearta tapa, uathrialacha agus oibríochtúla a dhéanamh chun a leasanna a chosaint, lena n-áirítear go háirithe i réimse an chothroim iomaíochta (i.e. bearta athchothromúcháin, bearta leighis) agus sa réimse iascach (i.e. bearta cúitimh, bearta leighis), agus chomh maith leis sin, ar bhonn níos ginearálta, i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál earnálach nó réigiúnach.

Maidir lena raon feidhme críochach, cumhdaítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, i dtaca leis an Aontas, na críocha a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo agus, i dtaca leis an Ríocht Aontaithe, críoch na Ríochta Aontaithe. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, cuirtear cumhdach teoranta ar fáil d'Oileáin Mhuir nIocht agus d'Oileán Mhanann maidir le trádáil in earraí agus rochtain ar uiscí. I gcomhréir leis na Dearbhuithe a áiríodh i miontuairiscí na Comhairle Eorpaí an 25 Samhain 2018 agus leis na treoracha caibidlíochta ón gComhairle, níl feidhm ag an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le Giobráltar.

Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá seacht gCuid (arna roinnt ina gCeannteideal, ina dTeideal, ina gCaibidlí agus ina Ranna), trí Phrótacal agus roinnt Iarscríbhinní, mar a leanas:

I g**Cuid a hAon (Forálacha Coiteanna agus Institiúideacha)** tá na forálacha ginearálta, na prionsabail maidir le léiriú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus na sainmhínithe, agus an creat institiúideach.

Leagtar amach i gCuid a hAon na forálacha maidir le rialachas agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus bunaítear comhchomhlachtaí rialachais (an Chomhairle Comhpháirtíochta, an Coiste Comhpháirtíochta Trádála, Coistí Speisialaithe Trádála agus Coistí Speisialaithe eile).

Tugann na forálacha rialachais soiléire maidir le conas a dhéanfar an Comhaontú Trádála agus Comhair a oibriú agus a rialú. Ceapadh iad le bheith solúbtha agus inoiriúnaithe do riachtanais shonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí éagsúla. I bhfianaise raon feidhme agus chastacht an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, d'áitigh an tAontas go mbeadh creat rialachais aonair ann lena gcumhdófaí an Comhaontú ina iomláine. Tugann sé sin deimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí, do thomhaltóirí agus do shaoránaigh, agus ag an am céanna seachnaítear ilstruchtúir chomhthreomhara agus cruthú maorlathais bhreise.

Déanfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta maoirseacht ar chur chun feidhme an chomhaontaithe. Comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe ar leibhéal na n-airí , tiocfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta le chéile i bhfoirmíochtaí éagsúla ag brath ar an ábhar i dtrácht. Is é an fóram ina

bpléifidh na Páirtithe aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus an chumhacht cinntí ceangailteacha a dhéanamh trí chomhthoil. Beidh an Coiste Comhpháirtíochta Trádála, na Coistí Speisialaithe Trádála agus Coistí Speisialaithe eile de chúnamh aige ina chuid oibre.

Tá sé cheannteideal i g**Cuid a Dó (Trádáil, Iompar, Iascach agus Socruithe Eile)**:

– Ceannteideal a hAon: Trádáil, a bhfuil dhá theideal déag inti: Teideal I (Trádáil in earraí), Teideal II (Seirbhísí agus infheistíocht), Teideal III (Trádáil dhigiteach), Teideal IV (Gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí, aistrithe agus bearta coimirce sealadacha), Teideal V (Maoin intleachtúil), Teideal VI (Soláthar poiblí), Teideal VII (Fiontair bheaga agus mheánmhéide), Teideal VIII (Fuinneamh), Teideal IX (Trédhearcacht), Teideal X (Dea-chleachtais rialála agus comhar rialála), Teideal XI (Cothrom iomaíochta maidir le hiomaíocht oscailte agus chóir agus forbairt inbhuanaithe), Teideal XII (Eisceachtaí);

– Ceannteideal a Dó: Eitlíocht, a bhfuil dhá theideal inti: Teideal I (Aeriompar) agus Teideal II (Sábháilteacht eitlíochta);

– Ceannteideal a Trí: Iompar de Bhóthar, ina bhfuil dhá theideal: Teideal I (Iompar earraí de bhóthar) agus Teideal II (Iompar paisinéirí de bhóthar);

– Ceannteideal a Ceathair: Comhordú Slándála Sóisialta agus víosaí do thaisteal gearrthéarmach;

– Ceannteideal a Cúig: Iascach;

– Ceannteideal a Sé: Forálacha Eile.

Mar a leanann óna ceannteidil agus óna teidil, cumhdaíonn Cuid a Dó trádáil in earraí agus seirbhísí, chomh maith le raon leathan réimsí eile de chomhar eacnamaíoch agus comhar níos leithne, amhail infheistíocht, iomaíocht, trédhearcacht cánach, fuinneamh, aeriompar agus iompar de bhóthar, neamh-idirdhealú maidir le socruithe áirithe soghluaisteachta agus comhordú na slándála sóisialta, agus iascach.

Leagtar amach i gCuid a Dó beartas trádála nua-aimseartha inbhuanaithe. Geallann an dá Pháirtí caighdeáin arda chomhchoiteanna a bhaint amach i réimsí amhail caighdeáin saothair agus shóisialta, cosaint an chomhshaoil, an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear praghsáil charbóin, agus caighdeáin ábhartha maidir le seachaint cánach agus trédhearcacht chánach[4]. Tá prionsabail ann freisin maidir le fóirdheontais chun cosc a chur ar cheachtar Páirtí fóirdheontais a dheonú a bhfuil tionchar ábhartha a imirt acu ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na Páirtithe. Tá baint ag na caighdeáin agus na prionsabail chomhaontaithe sin le sásraí forfheidhmithe intíre agus réitigh díospóidí chun a áirithiú go mbeidh gnólachtaí ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe in iomaíocht le chéile ar bhonn cothrom. Foráiltear i gCuid a Dó gur féidir le gach Páirtí bearta aontaobhacha a dhéanamh de réir mar is iomchuí chun é féin a chosaint ar éifeachtaí ar thrádáil nó ar infheistíocht a bheidh mar thoradh ar fhóirdheontais nó ar bhonn éagsúlachtaí suntasacha sna córais

[4] Tá sé ar intinn ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe freisin tacú le Dearbhú Comhpháirteach maidir le Córais Chánach Dhíobhálacha a Chomhrac tráth a thabharfar na Comhaontuithe i gcrích.

rialaithe fóirdheontais faoi seach nó sna leibhéil chosanta saothair agus sóisialta, comhshaoil nó aeráide faoi seach.

Maidir le trádáil in earraí, téann na forálacha i gCuid a Dó níos faide ná na comhaontuithe saorthrádála a rinne an tAontas le comhpháirtithe, amhail Ceanada agus an tSeapáin, trí fhoráil a dhéanamh maidir le taraifí nialais agus cuótaí nialais ar na hearraí uile. Chun leas a bhaint as na fabhair eisceachtúla sin, ní mór do ghnólachtaí a áirithiú gur de thionscnamh an Aontais nó na Ríochta Aontaithe a tháirgí. Tá na 'rialacha tionscnaimh' sin bunriachtanach chun sláine mhargadh an Aontais a áirithiú. Éascófar leis an gComhaontú Trádála agus Comhair freisin, a mhéid a cheadaítear le Cód Custaim an Aontais, na foirmiúlachtaí custaim a bhfuil feidhm acu maidir le haon tríú tír lasmuigh den Aontas Custaim. Cuirfear deireadh freisin leis na bacainní teicniúla nach bhfuil gá leo ar thrádáil, ach áiritheofar fós leis go gcomhlíonfaidh gach earra de chuid na Ríochta Aontaithe a thagann isteach san Aontas ardchaighdeáin rialála an Aontais ina n-iomláine, lena n-áirítear maidir le cáilíocht bia (e.g. caighdeáin sláintíochta agus fíteashláintíochta) agus sábháilteacht táirgí.

Comhaontaítear leibhéal suntasach oscailteachta do thrádáil seirbhísí freisin, a théann níos faide ná forálacha bonnlíne Chomhaontú Ginearálta EDT maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS), agus é á léiriú ag an am céanna nach mbaineann an Ríocht Aontaithe tairbhe a thuilleadh as saorghluaiseacht daoine agus, dá bhrí sin, as saoirse chun seirbhísí a sholáthar. Maidir le soláthraithe seirbhíse na Ríochta Aontaithe ar mian leo seirbhísí a thairiscint san Aontas, beidh orthu na ceanglais rialála iomchuí uile san Aontas a chomhlíonadh, ach ní chaithfear leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibreoirí an Aontais sna réimsí sin a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus vice-versa[5]. Ina theannta sin, is féidir le hinfheisteoirí na Ríochta Aontaithe eintitis dhlíthiúla a bhunú san Aontas chun seirbhísí a thairiscint ar fud an Mhargaidh Aonair agus *vice-versa*. Áirítear sa Chomhaontú creat le haghaidh comhaontuithe aitheantais a chaibidliú amach anseo maidir le cáilíochtaí gairmiúla.

Tá forálacha sa Chomhaontú Trádála agus Comhair atá dírithe ar thrádáil dhigiteach a éascú, trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní nach bhfuil údar leo, agus trí thimpeallacht ar líne atá oscailte, slán agus iontaofa a áirithiú do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí, mar aon le hardchaighdeáin cosanta sonraí pearsanta. Tá forálacha sa Chomhaontú freisin lena ráthaítear cosaint ceart maoine intleachtúla. Ina theannta sin, áirítear ann forálacha maidir le deiseanna frithpháirteacha i margaí soláthair phoiblí na bPáirtithe féin agus maidir le caighdeáin soláthair a théann níos faide ná a ngealltanais faoi Chomhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais (GPA).

Maidir le fuinneamh, ós rud é nach mbeidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach a thuilleadh sa mhargadh aonair leictreachais agus in ardáin trádála an Aontais, cruthaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair creat nua le haghaidh comhar dhéthaobhach fuinnimh, arb é is aidhm dó soláthairtí fuinnimh atá cost-éifeachtúil, glan agus slán a áirithiú, ar soláthairtí iad atá riachtanach

5 I gcomhréir le beartas trádála an Aontais, eisiatar líon teoranta earnálacha (seirbhísí poiblí, roinnt seirbhísí iompair, agus seirbhísí closamhairc chun an éagsúlacht chultúrtha a chaomhnú).

d'fheidhmiú an dá gheilleagar, sásraí nua a chur ar bun chun comhoibriú maidir le fuinneamh in-athnuaite, go háirithe sa Mhuir Thuaidh, agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tá forálacha substainteacha maidir le cothrom iomaíochta agus léirscaoileadh mar chuid den Chomhaontú freisin, lena n-áirítear coinníollacha le haghaidh fóirdheontas in earnáil an fhuinnimh. Mar atá sna réimsí eile, ní dhéanann na forálacha maidir le fuinneamh macasamhlú ar na tairbhí iomlána a bhaineann leis an Margadh Aonair don Ríocht Aontaithe, agus a stádas tríú tír á chur san áireamh.

Maidir le hiompar, foráiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair do nascacht leanúnach inbhuanaithe aeir agus bóthair, agus sláine an Mhargaidh Aonair á hurramú ag an am céanna. Tá forálacha ann chun a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann idir oibreoirí an Aontais agus oibreoirí na Ríochta Aontaithe, ionas nach mbainfear an bonn de chearta paisinéirí ná de shábháilteacht iompair.

I gCuid a Dó freisin, tá creat chun stoic éisc a bhainistiú go comhpháirteach agus go hinbhuanaithe in uiscí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Beidh smacht ag an Ríocht Aontaithe, mar stát cósta neamhspleách, ar uiscí na Ríochta Aontaithe agus beidh sí in ann iascach na Breataine a fhorbairt a thuilleadh, ach leanfaidh iascairí Eorpacha de rochtain a bheith acu ar uiscí na Ríochta Aontaithe chun a ngníomhaíochtaí iascaireachta a chur i gcrích.

Leagtar amach i g**Cuid a Trí (Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla)** creat le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí agus comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla. Aithníonn sí an gá atá le comhar láidir idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha náisiúnta agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais freisin, go háirithe chun coireacht agus sceimhlitheoireacht trasteorann a chomhrac agus a ionchúiseamh.

Clúdaíonn Cuid a Trí na príomhréimsí seo a leanas:

– Malartú sonraí: socruithe chun sonraí aerphaisinéirí (ar a dtugtar Taifid Ainmneacha Paisinéirí nó PNR), sonraí DNA, sonraí méarlorg agus sonraí cláraithe feithiclí (ar a dtugtar ‘sonraí Prüm’ – nár malartaíodh roimhe sin idir an tAontas agus tríú tír neamh-Schengen) a mhalartú go tráthúil, ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, mar aon le faisnéis faoi thaifid choiriúla agus faisnéis oibríochtúil – lena gcomhlánófar cainéil idirnáisiúnta, amhail Interpol;

– Europol agus Eurojust: comhar éifeachtach idir an Ríocht Aontaithe agus Europol agus Eurojust, i gcomhréir leis na rialacha maidir le comhar le tríú tíortha arna mbunú i reachtaíocht an Aontais;

– Tabhairt suas: tabhairt suas thapa coirpeach idir Ballstáit an Aontais agus an Ríocht Aontaithe a chumasú trí nósanna imeachta cuíchóirithe, spriocdhátaí dochta, coimircí láidre (lena n-áirítear forais iomchuí chun géilleadh a dhiúltú), cearta nós imeachta agus rialú breithiúnach;

– Cúnamh frithpháirteach: socruithe chun Coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa in ábhair choiriúla a éascú agus a fhorlíonadh, e.g. trí nósanna imeachta sruthlínithe, teorainneacha ama, agus bonneagair theicneolaíocha, maidir le raon leathan beart, lena n-áirítear maoin a reo agus a choigistiú;

– Frithsciúradh airgid: forálacha le haghaidh comhair chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta.

Urramaíonn Cuid a Trí stádas na Ríochta Aontaithe mar thír nach ballstát de chuid an Aontais í atá lasmuigh de limistéar Schengen. Mar shampla, ní bheidh rochtain dhíreach fhíor-ama ag an Ríocht Aontaithe a thuilleadh ar bhunachair sonraí íogaire de chuid an Aontais a thacaíonn le limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais – ós rud é nach gcuirtear sin ar fáil ach do na Ballstáit agus do na tíortha a bhfuil dlúthbhaint acu leis na hoibleagáidí uile a ghabhann leis.

Tá ráthaíochtaí chun urraim a thabhairt don daonlathas agus don smacht reachta mar bhonn don dlúthchomhar cuimsitheach póilíneachta agus breithiúnach, chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear na cinn sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus trí éifeacht a thabhairt dóibh ar bhonn intíre, chomh maith le gealltanais ón dá Pháirtí cloí le hardleibhéil cosanta sonraí. Ba éileamh thar a bheith tábhachtach ó thaobh an Aontais é sin d’fhonn a áirithiú go gcosnófar slándáil agus cearta bunúsacha a chuid saoránach araon. Foráiltear i gCuid a Trí freisin d’fhorálacha sonracha maidir le comhar a chur ar fionraí i gcás easnamh tromchúiseach agus sistéamach chun aon cheann de na coimircí sin a áirithiú, mar aon le sásra tiomnaithe chun díospóidí a réiteach.

Tá dhá theideal i g**Cuid a Ceathair (Comhar Téamach)**: Teideal I: Slándáil Sláinte agus Teideal II; Cibearshlándáil. I gCuid a Ceathair, leagtar amach forálacha le haghaidh comhair idir na Páirtithe maidir le saincheisteanna slándála sláinte agus cibearshlándála, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht shealadach theoranta na Ríochta Aontaithe i roinnt struchtúr de chuid an Aontais, ach amháin arna iarraidh sin ag an Aontas, agus ar choinníoll go dtagann bagairtí sonracha coiteanna chun cinn.

I g**Cuid a Cúig (Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais, Bainistíocht Fuaime Airgeadais agus Forálacha Airgeadais)** leagtar amach forálacha maidir le rannpháirtíocht leanúnach na Ríochta Aontaithe mar thríú tír i roinnt clár suaitheanta de chuid an Aontais, faoi réir ranníocaíocht airgeadais ón Ríocht Aontaithe le buiséad an Aontais. Glacfaidh an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais liosta beacht na gclár sin níos déanaí. Ina theannta sin, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir de chuid an Aontais liosta seirbhísí a bhunú freisin arna soláthar trí chur chun feidhme chláir an Aontais a bhféadfadh rochtain a bheith ag an Ríocht Aontaithe orthu.

Níor glacadh fós bunúis dlí (bunghníomhartha) chláir agus gníomhaíochtaí an Aontais a bhféadfadh an Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach iontu. Mar sin féin, tá comhthuiscint idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas maidir leis na cláir ina bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach agus na coinníollacha sonracha, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna bunúis dlí chinntitheacha. Dá bhrí sin, foráiltear le Dearbhú Comhpháirteach atá i gceangal leis an gComhaontú Trádála agus Comhair creat do na prótacail a chuirfidh an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais leis an gcomhaontú sin nuair a ghlacfar bunúis dlí na gclár sin.

Áirítear trí theideal i g**Cuid a Sé (Socrú Díospóidí agus Forálacha Cothrománacha)**: Teideal I (Socraíocht díospóidí), Teideal II (Bunús don chomhar) agus Teideal III (Comhlíonadh na n-oibleagáidí agus na mbeart cosanta).

Maidir le réiteach díospóide, má thagann easaontas chun cinn agus mura féidir teacht ar réiteach idir na Páirtithe, foráiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair gur féidir binse eadrána neamhspleách a bhunú chun an cheist a réiteach trí rialú ceangailteach. Tá feidhm ag an sásra sin um réiteach díospóidí maidir le formhór na réimsí den Chomhaontú Trádála agus Comhair, lena n-áirítear cothrom iomaíochta agus iascach. In éineacht leis sin tá sásraí forfheidhmithe agus comhlíonta atá inchreidte agus láidir, lena n-áirítear an fhéidearthacht oibleagáidí an pháirtí is déantóir gearáin faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a chur ar fionraí e.g. taraifí agus/nó cuótaí a thabhairt isteach arís. Thairis sin, beidh gach Páirtí in ann tras-fhrithbheart a dhéanamh faoi choinníollacha áirithe aon uair nach gcomhlíonann Páirtí amháin an rialú ón mbinse eadrána. Mar shampla, má dhéanann Páirtí amháin sárú leanúnach a bhaineann le hearnáil eacnamaíoch ar leith, féadfaidh an Páirtí eile frithbhearta a dhéanamh in earnálacha eacnamaíocha eile. Féadfaidh gach Páirtí bearta coimirce iomchuí a dhéanamh go haontaobhach freisin i gcásanna deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil ann de chineál earnálach nó réigiúnach.

I g**Cuid a Seacht (Forálacha Críochnaitheacha)** tá forálacha críochnaitheacha, lena n-áirítear forálacha maidir le teacht i bhfeidhm, athbhreithniú agus foirceannadh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

Déantar foráil le dhá **Phrótacal** maidir le **comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse na Cánach Breisluacha, cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna** a ghnóthú agus cúnamh **riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim**.

Leagtar amach sa **Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta** roinnt beart comhordaithe slándála sóisialta atá dírithe ar theidlíochtaí slándála sóisialta shaoránaigh an Aontais agus náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe a chosaint i gcás trasteorann a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Aontas Eorpach ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh. Tugtar cosaint freisin do náisiúnaigh tríú tír, do dhaoine gan stát agus do dhídeanaithe. Cumhdaítear réimse leathan sochar, lena n-áirítear pinsin seanaoise agus pinsin mharthanóirí, deontais bháis, sochair bhreoiteachta, sochair mháithreachais/atharthachta a bhaineann le breith linbh, sochair i leith tionóiscí ag an obair nó sochair réamhscoir. Áirithítear leis an bPrótacal go bhfuil na socruithe comhordaithe slándála sóisialta arna mbunú ann bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir Ballstáit an Aontais.

**Sa Chomhaontú maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint**, leagtar amach rialacha agus rialacha mionsonraithe maidir le faisnéis íogair rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamhaicmithe a mhalartú. I gcomhréir le comhaontuithe eile maidir le slándáil faisnéise arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha eile, áirithítear leis an gComhaontú um Shlándáil Faisnéise go ndéanfar faisnéis íogair a láimhseáil ar bhealach slán, bunaithe ar phrionsabal thoiliú an tionscnóra sula n-eiseofar an fhaisnéis a mhalartófar. Beidh feidhm ag an gComhaontú um Shlándáil

Faisnéise amhail ó dháta chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, nó ón dáta a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe dá chéile go bhfuil a gceanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha féin curtha i gcrích acu maidir le faisnéis rúnaicmithe a scaoileadh faoin gcomhaontú sin, cibé acu is déanaí.

2020/0382 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,[6]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An [DÁTA], ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) Uimh. … ón gComhairle, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, (an 'Cinneadh Trádála agus Comhair') agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint (an 'Comhaontú um Shlándáil Faisnéise').

(2) Leagtar síos leis an gComhaontú Trádála agus Comhair an bonn le haghaidh caidreamh leathan idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe lena mbaineann cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíochtaí agus nósanna imeachta speisialta. Tá an Comhaontú um Shlándáil Faisnéise ina chomhaontú forlíontach ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus tá dlúthcheangal idir é agus an comhaontú sin, go háirithe maidir leis an dáta teacht i bhfeidhm agus an dáta foirceanta. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus an Chomhaontaithe um Shlándáil Faisnéise (na 'Comhaontuithe) a bheith bunaithe ar an mbunús dlí lena bhforáiltear maidir le comhlachas a bhunú a chuireann ar chumas an Aontais gealltanais a ghabháil ar láimh i ngach réimse a chumhdaítear leis na Conarthaí.

(3) Is iomchuí módúlachtaí ionadaíocht an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta agus sna Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a shainiú. Tá an Coimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), le hionadaíocht a dhéanamh don Aontas agus seasamh an Aontais a chur in iúl

[6] IO C , , lch. .

mar atá sé bunaithe ag an gComhairle i gcomhréir leis na Conarthaí. Feidhmeoidh an Chomhairle a feidhmeanna ceaptha beartais agus a feidhmeanna comhordúcháin faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 16(1) CAE trí na seasaimh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta agus sna Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Thairis sin, i gcás ina n-iarrfar ar an gComhairle Comhpháirtíochta nó ar na Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo a ghlacadh, déanfar na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhlachtaí sin a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) CFAE.

(4) Féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó a iarraidh go mbeadh i dteannta ionadaí an Choimisiúin, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, ionadaí de chuid an Bhallstáit sin nó na mBallstát sin i gcruinniú den Chomhairle Comhpháirtíochta nó i gcomhlachtaí comhpháirteacha eile a bhunaítear leis an gComhaontú.

(5) Is iomchuí an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, le formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe sin. Ba cheart an nós imeachta maidir le dul i gcomhairle leis an gComhairle i ndáil leis na modhnuithe sin a leagan síos.

(6) Thairis sin, chun go mbeidh an tAontas in ann freagairt go tráthúil i gcás nach mbeidh coinníollacha ábhartha á gcomhlíonadh a thuilleadh, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún cinntí áirithe a ghlacadh lena bhfionrófar sochair a deonaíodh don Ríocht Aontaithe faoi Iarscríbhinn TBT-4 [Táirgí Orgánacha] agus faoi Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí Íocshláinte]. Sula ndéanfaidh sé sin, ba cheart don Choimisiún ionadaithe na mBallstát a chur ar an eolas faoi sin, agus féadfaidh siadsan agóid a dhéanamh in aghaidh an tseasaimh a chuir an Coimisiún i láthair, agus sin a dhéanamh trí mhionlach blocála. Ina theannta sin, socruithe cur chun feidhme ar bith eile is gá chun na hIarscríbhinní sin a fheidhmiú go héifeachtach, is ceart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún iad sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.

(7) D'fhonn é a chur ar a chumas don Aontas gníomhaíocht thapa agus éifeachtach a dhéanamh chun a leasanna a chosaint i gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus go dtí go nglacfar gníomh reachtach sonrach lena rialófar glacadh beart leighis faoin gComhaontú Trádála agus Comhair agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm san Aontas, ba cheart é a bheith ar chumas an Choimisiúin bearta leighis a dhéanamh, amhail oibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair nó faoi aon chomhaontú forlíontach a chur ar fionraí i gcás sáruithe ar fhorálacha áirithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair nó i gcás neamh-chomhlíonadh coinníollacha áirithe, go háirithe i réimsí na trádála in earraí, an chothroim iomaíochta, an iompair de bhóthar, an aeriompair, an iascaigh agus chláir an Aontais, mar a shonraítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus bearta coimirce, bearta athchothromúcháin agus frithbhearta iomchuí a dhéanamh chomh maith.

(8) Nuair is gá don Aontas gníomhú chun forálacha na gComhaontuithe a chomhlíonadh, tá gníomhaíocht den sórt sin le déanamh i gcomhréir le forálacha na gConarthaí agus, san am céanna, teorainneacha na gcumhachtaí a thugtar do gach institiúid á n-urramú. Dá bhrí sin, is faoin gCoimisiún atá sé an fhaisnéis nó na fógraí a cheanglaítear sna Comhaontuithe a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe, ach amháin i gcás ina dtagraíonn na Comhaontuithe d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí sonracha

eile de chuid an Aontais agus dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le hábhair shonracha. Is faoin gCoimisiún freisin atá sé ionadaíocht a dhéanamh don Aontas os comhair an bhinse eadrána i gcás ina gcuirtear isteach díospóid chun eadrána i gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

(9) Meabhraítear, i gcomhréir le treoracha caibidlíochta an 25 Feabhra 2020, nach bhfuil Giobráltar san áireamh i raon feidhme críochach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Ní fhágann sin nach bhféadfar comhaontuithe ar leith a bheith ann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i leith Ghiobráltar i gcomhréir leis an dearbhú ón gComhairle Eorpach agus ón gCoimisiún Eorpach a áirítear i miontuairisc chruinniú na Comhairle Eorpaí an 25 Samhain 2018.

(10) Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faoi réir nós imeachta ar leith.

(11) Ba cheart na Comhaontuithe a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair seachas na hábhair sin a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint, an comhaontú sin a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs na gComhaontuithe sin i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a dtabharfar de chumhacht dóibh, thar ceann an Aontais, na fógraí dá bhforáiltear sna forálacha seo a leanas a thabhairt:

(a) maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair:

– Airteagal LAW.OTHER.134 [Fógraí];

– Airteagal FINPROV.11 [Teacht i bhfeidhm].

– Airteagal SSC.11 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta;

(b) maidir leis an gComhaontú a bhaineann le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint:

– Airteagal 19, míreanna 1 agus 2.

*Airteagal 3*

1. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar don Aontas i gcomhlachtaí arna gcruthú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas go tráthúil faoi na pléití agus faoi thoradh na gcruinnithe agus na ngníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn agus, arna iarraidh sin, cuirfidh sé ar fáil miontuairiscí agus doiciméid eile a bhaineann leis na cruinnithe nó leis an nós imeachta sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí.

2. Le linn na gcéad chúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, tuairisceoidh an Coimisiún go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

*Airteagal 4*

1. Údarófar an Coimisiún, thar ceann an Aontais, le modhnuithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair atá le glacadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta nó ag na Coistí Speisialaithe, de réir mar a bheidh, a fhormheas i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas den chomhaontú sin:

(a) míreanna 4, 5 agus 8 d’Airteagal TBT.9 [Comhar maidir le faireachas margaidh agus le sábháilteacht agus comhlíonadh i ndáil le táirgí neamhbhia], a mhéid a bhaineann le bunú na socruithe, nó le leasú a dhéanamh ar na socruithe, le haghaidh an mhalartaithe rialta faisnéise idir na Páirtithe a leagtar amach in Iarscríbhinní [BTT-XX] agus [BTT-ZZ];

(b) mír 3 d’Airteagal 2 [Sainmhínithe ar tháirgí, cleachtais fhíoneolaíocha agus próisis fhíoneolaíocha] agus mír 3 d’Airteagal 3 [Ceanglais deimhniúcháin maidir le hallmhairiú i gcríocha na bPáirtithe féin ] d'Iarscríbhinn TBT-5 [Trádáil i bhFíon], maidir le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin;

(c) mír 2 d’Airteagal 1 [Cuspóir agus raon feidhme] d’Iarscríbhinn TBT-4 [Táirgí Orgánacha ], maidir le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin;

(d) Airteagal 11 [Leasuithe ar fhoscríbhinní] d'Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí Íocshláinte], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin;

(e) Airteagal PPROC.18 [Leasú ar Roinn B den IARSCRÍBHINN.PROC-1], maidir le leasuithe ar Roinn B d’Iarscríbhinn PPROC-1 maidir le gealltanais maidir le rochtain ar an margadh;

(f) Airteagal AVSAF.12 [Glacadh agus leasuithe iarscríbhinní a ghabhann leis an gCaibidil seo], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn AVSAF-1 nó ar iarscríbhinní eile mar a fhoráiltear san Airteagal sin;

(g) mír 3 d’Airteagal LAW.EUROPOL.48 [Foirmeacha coireachta], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar IARSCRÍBHINN LAW-3, i gcás ina n-athrófar liosta na bhfoirmeacha coireachta a bhfuil Europol inniúil ina leith faoi dhlí an Aontais;

(h) mír 3 d’Airteagal LAW.EUROJUST.63 [Foirmeacha coireachta], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar IARSCRÍBHINN LAW-4, i gcás ina n-athrófar liosta

na bhfoirmeacha coireachta a bhfuil Eurojust inniúil ina leith faoi dhlí an Aontais;

(i) Airteagal SSC.68 [Leasuithe] den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar aon cheann de na hIarscríbhinní nó na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta.

2. Déanfaidh an Coimisiún na modhnuithe atá beartaithe agus a shonraítear i mír 1 a chur faoi bhráid na Comhairle sula bhformheasfar iad.

Déanfaidh an Coimisiún na modhnuithe sin atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais ach amháin más rud é, laistigh d'aon mhí amháin tar éis don Choimisiún iad a chur faoi bhráid na Comhairle, go ndéanann roinnt Ballstát, arb ionann a líon agus mionlach blocála den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid ina n- aghaidh. Má dhéantar agóid den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, na modhnuithe atá beartaithe.

3. Déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, modhnuithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair atá le glacadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta nó ag na Coistí Speisialaithe, de réir mar a bheidh, a fhormheas i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas den chomhaontú sin:

(a) mír 4 d'Airteagal LPFOFCSD.3.2 [Raon feidhme agus eisceachtaí], a mhéid a bhaineann leis an tairseach ar faoina bun nach bhfuil feidhm ag an gCaibidil maidir le rialú fóirdheontais;

(b) mír 2 d'Airteagal LPFOFCSD.3.3 [Seirbhísí de leas eacnamaíoch poiblí], a mhéid a bhaineann leis an tairseach ar faoina bun nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta;

(c) mír 3 d'Airteagal LPFOFCSD.3.3 [Seirbhísí de leas eacnamaíoch poiblí], a mhéid a bhaineann leis an tairseach ar faoina bun nach bhfuil feidhm ag an gCaibidil

(d) Airteagal LPFOCDSD.3.5 [Fóirdheontais thoirmiscthe agus fóirdheontais faoi réir coinníollacha], a mhéid a bhaineann le nuashonrú na gcoinníollacha atá le cur i bhfeidhm maidir leis na fóirdheontais faoin Airteagal seo;

(e) Airteagal LPFOCDSD.3.11 [Aisghabháil], a mhéid a bhaineann le socruithe éagsúla chun a áirithiú go n-aisghabhfar fóirdheontais.

Déanfaidh an Coimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na modhnuithe atá beartaithe sula bhformheasfar iad.

4. Maidir leis an bhformheas thar ceann an Aontais ar na modhnuithe atá beartaithe a leagtar amach san Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún:

(a) gur chun leas an Aontais é;

(b) go bhfónann sé do na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas faoi chuimsiú a bheartais trádála, a shábháilteachta eitlíochta, a shlándála sóisialta, a fhorfheidhmithe dlí agus a chomhair bhreithiúnaigh;

(c) nach bhfuil sé contrártha le dlí an Aontais ná leis an dlí idirnáisiúnta;

(d) go seachnaíonn sé bacainní a chur ar an nuálaíocht.

*Airteagal 5*

1. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún aon cheann de na cinntí seo a leanas a dhéanamh thar ceann an Aontais:

(a) an aithint coibhéise a dheimhniú nó a chur ar fionraí tar éis athmheasúnú na coibhéise atá le déanamh faoin 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 3 [Coibhéis a aithint] d'Iarscríbhinn TBT-4 [Táirgí Orgánacha];

(b) an aithint coibhéise a chur ar fionraí i gcomhréir le míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 3 [Coibhéis a aithint] d'Iarscríbhinn TBT-4 [Táirgí orgánacha];

(c) glacadh le doiciméid oifigiúla um Dhea-chleachtas Monaraíochta arna n-eisiúint ag údarás de chuid na Ríochta Aontaithe le haghaidh saoráidí monaraíochta atá suite lasmuigh de chríoch an údaráis eisiúna agus a chinneadh cé na téarmaí agus na coinníollacha faoina nglacfaidh an tAontas leis na doiciméid oifigiúla um Dhea-chleachtas Monaraíochta sin i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 5 [Coibhéis a aithint] d'Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí íocshláinte ];

(d) aon socrú cur chun feidhme is gá le haghaidh malartú doiciméad oifigiúil um Dhea-chleachtas Monaraíochta le húdarás na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 6 [Doiciméid GMP oifigiúla a mhalartú]] d'Iarscríbhinn TBT-2 [maidir le Táirgí Míochaine] agus le haghaidh malartú faisnéise le húdarás na Ríochta Aontaithe maidir le hiniúchtaí ar shaoráidí monaraíochta faoi Airteagal 7 [Coimircí] d'Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí Míochaine];

(e) aithint iniúchtaí ar dhoiciméid oifigiúla um Dhea-chleachtas Monaraíochta arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe nó an ghlactha leis na doiciméid sin a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt don Ríocht Aontaithe faoin rún atá aige Airteagal 9 [Cur ar fionraí] d'Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí Míochaine] agus dul i mbun comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 8 [Athruithe ar an reachtaíocht is infheidhme] d'Iarscríbhinn TBT-2 [Táirgí Míochaine];

(f) aithint iniúchtaí agus ar dhoiciméid oifigiúla um Dhea-chleachtas Monaraíochta agus an ghlactha leis na doiciméid sin a rinne an páirtí eile i gcás cuid de na táirgí nó na dtáirgí uile a liostaítear i bhFoscríbhinn C a ghabhann le hIarscríbhinn TBT-2 [maidir le Táirgí Íocshláinte], i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 9 [Cur ar fionraí] d'Fhoscríbhinn TBT-2 [Táirgí Íocshláinte].

2. Déanfaidh an Coimisiún na cinntí sin atá beartaithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 4(2) den Chinneadh seo.

*Airteagal 6*

1. Go dtí go nglacfar gníomh reachtach sonrach lena rialálfar glacadh beart den sórt sin agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm san Aontas, is é an Coimisiún, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, a dhéanfaidh an cinneadh ón Aontas na bearta seo a leanas a dhéanamh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí de réir mar a leagtar síos in Airteagal GOODS.19 [Bearta i gcás sáruithe nó teacht timpeall ar an reachtaíocht chustaim];

(b) bearta leighis a chur i bhfeidhm agus oibleagáidí a chur ar fionraí de réir mar a leagtar amach in Airteagal LPFOFCSD.3.12 [Bearta leighis];

(c) bearta athchothromúcháin agus frithbhearta a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach in Airteagal LPFOFCSD.9.4 [Athchothromú];

(d) bearta leighis a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach in Airteagal ROAD.11 [Bearta leighis];

(e) údarú oibríochta aerlíne a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, Airteagal AIRTRN.8 [Údarú oibríochta aerlíne a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú];

(f) bearta leighis a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach in Airteagal FISH.14 [Bearta leighis agus réiteach díospóidí];

(g) bearta cúitimh de réir mar a leagtar amach in Airteagal FISH.9 [Bearta cúitimh i gcás tarraingt amach nó laghdú ar rochtain]

(h) rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh mar a leagtar amach in Airteagal UNPRO.3.1 [an tAontas Eorpach rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais a chur ar fionraí] agus Airteagal UNPRO.3.20 [an tAontas Eorpach rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais a fhoirceannadh];

(i) cúiteamh sealadach a thairiscint nó a ghlacadh nó oibleagáidí a chur ar fionraí i gcomhthéacs na comhlíontachta tar éis nós imeachta eadrána nó painéil saineolaithe faoi Airteagal INST.24 [Leighis shealadacha], ach amháin mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 654/2014;

(j) na bearta coimirce agus na bearta athchothromúcháin a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach in Airteagal INST.36 [Bearta feabhais].

2. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go hiomlán agus go tráthúil maidir lena rún na bearta atá beartaithe a leagtar amach i mír 1 a ghlacadh agus cuirfidh sé san áireamh na tuairimí a d'fhéadfaí a chur in iúl. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí.

3. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh lena dtabharfar arís na cearta agus na hoibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair mar a bhí siad roimh ghlacadh na mbeart dá bhforáiltear i mír 1.

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*